3. Más freagra dearfach a thabharfar ar Cheist 1 agus freagra dearfach, go hiomlán nó go páirteach, ar Cheist 2 freisin: An gcumhdaítear leis an gceart atá ag sealbhóir polasaí i leith árachais sláinte phríobháidigh chun cóip de na sonraí pearsanta arna bpróiseáil ag an árachóir a fháil ceart chun cóip a fháil de na haguisíní leis an bpolasaí árachais a chuir an t-árachóir chuig an sealbhóir polasaí agus méadú préimhe á chur in iúl aige dó, chomh maith leis na litreacha mínithe agus leathanaigh bhreise ag gabháil leis sin, nó an é nach mbaineann sé ach le cóip de shonraí pearsanta amháin an tsealbhóra polasaí, agus gur féidir leis an árachóir a phróiseálann na sonraí a chinneadh conas a chuirfeadh sé na sonraí le chéile don sealbhóir polasaí lena mbaineann?

---

[1] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO 2016 L 119, lch. 1).

---

**Iarraidh ar réamhrialú ó Rechtbank Gelderland (an Ísiltír) a taisceadh an 31 Deireadh Fómhair 2022 – Gemeente Dinkelland v Ontvanger van de Belastingdienst/Grote ondernemingen, kantoor Zwolle**

**(Cás C-674/22)**

(2023/C 45/12)

*Teanga an cháis: an Ollainnis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Rechtbank Gelderland

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Gemeente Dinkelland

*Cosantóir:* Ontvanger van de Belastingdienst/Grote ondernemingen, kantoor Zwolle

**Na ceisteanna a tharchuirtear**

1. An gcaithfear an prionsabal dlí nach mór ús mainneachtana a íoc toisc go bhfuil ceart ann go ndéanfar cánacha arna dtobhach de shárú ar dhlí an Aontais a aisíoc a léiriú sa chaoi, i gcás ina ndeonaítear aisíocaíocht de cháin láimhdeachais don duine inchánach, nach mór ús mainneachtana a íoc dó chomh maith sna cásanna seo:

   a. Is toradh ar earráidí riaracháin de pháirt an duine inchánach, mar a luadh san ordú seo, an aisíocaíocht, nach bhfuil an cigire cánach freagrach astu in aon chor;

   b. Is toradh ar ríomh nua den scála leithroinnte chun cáin láimhdeachais a asbhaint ó na costais ginearálta an aisíocaíocht, de réir na n-imthosca dá dtagraítear san ordú seo?

2. Más freagra dearfach a thabharfar ar Cheist 1: Cathain a bhíonn tús leis an gceart sna cásanna sin go ndéanfar ús mainneachtana a íoc?

---

**Iarratas ar réamhrialú ón Nejvyšším správním soudem (Poblacht na Seice) a taisceadh an 2 Samhain 2022 – B2 Energy s.r.o. v. Odvolací finanční ředitelství**

**(Cás C-676/22)**

(2023/C 45/13)

*Teanga an cháis: An tSeicis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Nejvyšší správní soud